C/2024/1972

29.2.2024

Dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le cistí saortha a athúsáid i ndáil leis an gclár taighde

(C/2024/1972)

Sa Dearbhú Comhpháirteach an 22 Nollaig 2020 maidir le cistí saortha a athúsáid i ndáil leis an gclár taighde, chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chur ar fáil arís chun tairbhe an chláir taighde ([1]), leithreasuithe a chomhfhreagraíonn don mhéid suas go EUR 0.5 billiún (i bpraghsanna 2018) sa tréimhse 2021-2027 de shaoradh, a eascraíonn as tionscadail a bhaineann leis an gclár sin nó leis an gclár a chuaigh roimhe gan bheith curtha chun feidhme nó gan bheith curtha chun feidhme ach go páirteach, de réir mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais.

Gan dochar do chumhachtaí an údaráis bhuiséadaigh faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil ná do chumhachtaí an Choimisiúin an buiséad a chur chun feidhme, comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go gcuirfear méid breise EUR 100 milliún (praghsanna 2018) ar fáil arís chun tairbhe an chláir taighde sa tréimhse 2025 go 2027, méid a chomhfhreagraíonn do shaoradh a rinneadh in 2019 go 2020 a d'eascair tionscadail a bhaineann leis an gclár sin nó leis an gclár a tháinig roimhe gan bheith curtha chun feidhme nó gan bheith curtha chun feidhme ach go páirteach agus nár cuireadh ar fáil arís faoi Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais tar éis dhearbhú comhpháirteach an 22 Nollaig 2020. Ní dochar an méid seo do na méideanna a saoradh agus a bheidh ar fáil le haghaidh na huirlise EURI dá dtagraítear i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093.

([1]) Dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le cistí saortha a athúsáid i ndáil leis an gclár taighde 2020/C 444 I/03, IO C 444I, 22.12.2020, lch. 3.